Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2023
(OR. en)

**16588/23**

**LIMITE**

**ELARG 91**
**COWEB 161**
**COEST 657**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM (2023) 690 FINAL |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Méadú |

Mar ullmhúchán don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta a bheidh ar siúl ar an 12 Nollaig 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Méadú, mar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht iad tar éis an phlé i gCoiste na mBuanionadaithe. Cuirtear an téacs seo faoi bhráid na Comhairle lena scrúdú d'fhonn é a fhormheas.

**AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ GINEARÁLTA**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ**

PUBLIC

1. Tugann an Chomhairle go maith dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, teachtaireacht ina bhfuil tuarascálacha maidir le Montainéagró, an tSeirbia, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, an Tuirc, an Úcráin, Poblacht na Moldóive (dá ngairfear: an Mholdóiv anseo feasta) agus an tSeoirsia.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas don mhéadú i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2006 agus i gconclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach ina dhiaidh sin. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle roimhe seo, agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le coinníollacht chothrom dhocht, le prionsabal na dtuillteanas dílis agus leis an in-aisiompaitheacht. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann forbairt an Aontais féin, lena n-áirítear acmhainneacht an Aontais baill nua a lánpháirtiú, a choinneáil ar bun agus a dhoimhniú. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go nglacfaidh na comhpháirtithe úinéireacht ar a ngealltanais agus ar a dtoil pholaitiúil, agus go léireoidh siad inchreidteacht na nithe sin, trí athchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme agus trí dhul chun cinn nithiúil a dhéanamh ar na bunphrionsabail.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

3. Is infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas é an méadú. Is spreagadh é chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta na saoránach Eorpach, chun éagothromaíochtaí ó thír go tír a laghdú agus caithfidh sé na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a bheith faoi réir. Ní mór do thíortha ar mhaith leo a bheith ina mBallstáit amach anseo dlús a chur lena n-iarrachtaí um athchóiriú, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál an phróisis aontachais atá bunaithe ar fhiúntas agus le cúnamh ón Aontas. Ag an am céanna, ní mór don Aontas an obair bhunaidh inmheánach agus na hathchóirithe is gá a dhéanamh. Socróimid ár n-uaillmhianta fadtéarmacha agus na bealaí lena mbaint amach. Tabharfaimid aghaidh ar na príomhcheisteanna a bhaineann leis na tosaíochtaí agus na beartais atá againn chomh maith lenár gcumas gníomhú. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tAontas níos láidre agus go bhfeabhsófar ceannasacht na hEorpa.

4. Léiríonn cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin gur tosaíocht straitéiseach é an méadú freisin. Agus Clár Oibre Thessaloniki 2003 agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2022 á meabhrú aici sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas iomlán aonchiallach do pheirspictíocht bhallraíocht an Aontais atá ag na Balcáin Thiar, ag an Úcráin, ag an Moldóiv agus ag an tSeoirsia, agus athdhearbhaíonn sí gurb é an tAontas Eorpach is dán dóibh. Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí comhleasa.

5. Ní mór do na comhpháirtithe uile atá ag iarraidh a bheith páirteach san Aontas urraim a thabhairt do na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus gealltanas a thabhairt go cuirfidh siad na luachanna sin chun cinn, agus go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí is gá do bhallraíocht san Aontas. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur bunluach ar a bhfuil an tAontas fothaithe é an smacht reachta, agus nach féidir déanamh dá uireasa má táthar le ballraíocht san Aontas a bhaint amach. Is trí na príomhthagarmharcanna a leanas a dhéanfar measúnú fós ar an dul chun cinn i dtreo ballraíochta san Aontas: gnóthachtálacha leanúnacha do-aisiompaithe sna hathchóirithe maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, lena n-áirítear dí-polarú, riarachán poiblí agus critéir eacnamaíocha.

PUBLIC

6. Tá cosaint na gceart bunúsach i gcroílár luachanna an Aontais. Tugann an Chomhairle aird ar leith ar dhul chun cinn na gcomhpháirtithe sa réimse sin, agus é á mheabhrú aici gurb é an tosaíocht fhoriomlán é bearta inchreidte a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a tuairiscíodh. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé seasamh le cearta an linbh agus cearta agus cóir neamh-idirdhealaitheach i ndáil leis na daoine sin ar de mhionlaigh iad agus leo siúd i gcásanna leochaileacha, mar shampla na Romaigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) agus daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Maidir leis an gcomhionannas inscne, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór cumhachtú agus tairbhiú iomlán chearta bunúsacha na mban agus na gcailíní a áirithiú. Meabhraítear don Chomhairle gur príomhcholúin de shochaí dhaonlathach iad saoirse cainte, saoirse na meán agus iolrachas agus go bhfuil sé bunriachtanach dul chun cinn nithiúil a dhéanamh sna réimsí ríthábhachtacha sin i gcónaí.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur gá do chomhpháirtithe dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar an gceartas, maidir le comhrac an éillithe, lena n-áirítear bac a chur ar olagarcaí, agus maidir le comhrac na coireachta eagraithe. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil gá fós le cuntas fónta teiste maidir le ciontuithe deiridh agus urghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla i gcomhrac na coireachta eagraithe.

8. Sna Balcáin Thiar, is gá fós iarrachtaí cinntitheacha a dhéanamh chun an t-athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú, lena n-áirítear trí dhíospóidí déthaobhacha na gcomhpháirtithe agus saincheisteanna atá fréamhaithe in oidhreacht stairiúil a réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail idirnáisiúnta sheanbhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá sé an comhar maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus ionchais an Aontais maidir le hailíniú iomlán na gcomhpháirtithe le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais a dhoimhniú a thuilleadh, ar príomhghné de phróiseas lánpháirtithe an Aontais é, agus ar léiriú láidir ar rogha straitéiseach agus ar áit an chomhpháirtí i bpobal luachanna. Leanann an tAontas de bheith ag seasamh le comhpháirtithe agus cuireann sé cúnamh ar fáil go háirithe dóibh siúd atá ailínithe go hiomlán leis an gcomhbheartas, cúnamh dar aidhm, i measc nithe eile, cur lena n-athléimneacht maidir le bagairtí hibrideacha. Tá sé fíorthábhachtach fós cosc a chur ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, lena n-áirítear na bearta a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.



PUBLIC

10. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar rathúil atáthar a dhéanamh leis na comhpháirtithe i réimsí chomhrac na mbagairtí hibrideacha, chomh maith le comhrac na sceimhlitheoireachta, an radacaithe agus na coireachta eagraithe agus tá sí tiomanta i gcónaí an comhar sin a dhoimhniú a thuilleadh sna réimsí sin. Is tosaíocht thábhachtach i gcónaí é cur i gcoinne gníomhaíochtaí cúblála faisnéise, lena n-áirítear bréagaisnéis. Meabhraítear don Chomhairle go gcuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena chuid oibre leis na comhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha agus bréagaisnéis na Rúise faoina cogadh foghach ar an Úcráin.

11. Is mór an dúshlán i gcónaí í an imirce neamhrialta, agus ní mór comhar agus comhordú leanúnach a dhéanamh leis na comhpháirtithe uile i ndáil leis sin. Molann an Chomhairle comhpháirtithe na mBalcán Thiar as an gcomhar cuiditheach agus an Tuirc as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun ceann de na pobail dídeanaithe is mó ar domhan a óstáil. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a ríthábhachtaí atá sé go ndéanfadh na comhpháirtithe a mbeartais víosaí a chomhchuibhiú leis an Aontas.

12. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe ar fad na buntáistí agus na hoibleagáidí a eascraíonn as a gconair féin i dtreo an Aontais a chur in iúl dá saoránaigh go soiléir, chomh maith lena dtiomantas féin do luachanna an Aontais agus do na hathchóirithe riachtanacha.

13. Leanfaidh an tAontas dá thacaíocht do chlaochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta na mBallstát a bheidh san Aontas amach anseo a neartú agus a threisiú ar gach leibhéal, bunaithe ar an dul chun cinn nithiúil maidir leis an smacht reachta agus maidir le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus maidir lena mhéid a chloífidh na comhpháirtithe le luachanna, rialacha agus caighdeáin an Aontais. Leanfaidh an tAontas de chúnamh suntasach airgeadais agus teicniúil a thabhairt do chomhpháirtithe, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), agus trí Nascadh agus tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise. Faoi phrionsabail na coinníollachta agus 'an beartas chun tosaigh', is é is aidhm don chúnamh airgeadais sin cabhrú le comhpháirtithe a n-athchóirithe a ghlacadh agus ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a bhaint amach.

14. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí na comhpháirtithe a thabhairt níos gaire don Aontas, an bealach a réiteach le haghaidh aontachais, agus tairbhí nithiúla a thabhairt do shaoránaigh na gcomhpháirtithe fiú le linn phróiseas an mhéadaithe. Chun na críche sin, molann an Chomhairle go bhféachfaí ar bhearta breise darb aidhm a gcomhtháthú a chur chun feidhme a thuilleadh, céim ar chéim, ar bhealach fiúntasbhunaithe in-aisiompaithe, i gcomhréir lenar iarradh ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2022. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-ionstraimí dlíthiúla atá ann cheana, agus tá sí ag tnúth le scrúdú a dhéanamh ar thograí le haghaidh tuilleadh lánpháirtithe céim ar chéim i dtreo ballraíocht iomlán, lena n-áirítear comhar earnála an Aontais leis na comhpháirtithe i réimsí leasa choitinn a dhoimhniú a thuilleadh, ag tógáil ar mhodheolaíocht athbhreithnithe an mhéadaithe. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Nua Fáis do na Balcáin Thiar darb aidhm dlús a chur leis an gcóineasú socheacnamaíoch idir na Balcáin Thiar agus an tAontas, bunaithe ar choinníollachtaí dochta, agus an réigiún a spreagadh chun dlús a chur le hathchóirithe ar na bunphrionsabail a bhaineann leis an Aontas mar thaca lena gconair ionsar an Aontas. Táthar ag súil go mbeidh cur chun feidhme beartaithe an phlean sin nasctha, *inter alia,* le dul chun cinn maidir leis an *acquis*, an comhar réigiúnach agus an rannpháirtíocht chuiditheach ón tSeirbia agus ón gCosaiv san idirphlé atá á éascú ag an Aontas. Leanfaidh beartas réigiúnach Chomhpháirtíocht an Oirthir de thacaíocht a thabhairt don Úcráin, don Mholdóiv agus don tSeoirsia ar a gconairí i dtreo an Aontais.

**MONTAINÉAGRÓ**

15. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh rialtas nua agus molann sí dó conair agus treoir straitéiseach Mhontainéagró i dtreo an Aontais a chur chun cinn go pras. Tá comhdhearcadh polaitiúil ag teastáil chun feidhmiúlacht na n-institiúidí daonlathacha a athbhunú go práinneach agus chun gealltanais sheanbhunaithe maidir le hathchóiriú a chomhlíonadh.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus 33 chaibidil a ndearnadh scagadh orthu oscailte, agus 3 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Ba cheart do Mhontainéagró a chuid iarrachtaí a athdhíriú gan mhoill ar na tagarmharcanna eatramhacha atá i gcaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh. Ní dhúnfar aon chaibidil eile go sealadach sula mbainfear an chloch mhíle sin amach. Meabhraítear don Chomhairle a ríthábhachtaí atá sé go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis na caibidlí sin agus is í an Chomhairle a chinnfidh feasta luas foriomlán na caibidlíochta aontachais.

17. Meabhraítear don Chomhairle a phráinní atá sé feidhmiú na bpríomhchomhlachtaí breithiúnacha a athbhunú, go háirithe trí na ceapacháin atá fós ar feitheamh a thabhairt chun críche, agus dlús a chur le cur chun feidhme na bpríomh-athchóirithe breithiúnacha agus iad a dhoimhniú, chun córas breithiúnach neamhspleách éifeachtúil ardchaighdeáin a ráthú. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ceapadh an 7ú breitheamh den Chúirt Bhunreachtúil, cúirt atá lánfheidhmiúil anois.

18. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró a chuid iarrachtaí a mhéadú, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha, mar shampla, comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta, ní mór do Montainéagró feabhas a chur ar a chuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh agus sócmhainní coiriúla a urghabháil agus a choigistiú.

19. Cé go dtugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh roinnt dul chun cinn, molann sí do Mhontainéagró cur lena iarrachtaí i réimsí na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, lena n-áirítear cosaint institiúideach a thabhairt d'iriseoirí ar gach cineál foréigin.

20. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an geilleagar ag fás go tréan agus go seasta, go bhfuil na hearnálacha baincéireachta agus airgeadais cobhsaí agus go bhfuil feabhas tagtha ar mhargadh an tsaothair. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme, an fiachas poiblí a laghdú agus leanúint dá iarrachtaí an rialachas fioscach agus an trédhearcacht a neartú.

21. Is mór ag an gComhairle tiomantas cuiditheach leanúnach an rialtais sin maidir leis an gcomhar réigiúnach a fhorbairt a thuilleadh agus an dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn.

22. Molann an Chomhairle Montainéagró go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a ailíniú iomlán buanseasmhach le CBES an Aontais, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar comhartha láidir é go bhfuil Montainéagró tiomanta go straitéiseach dá chonair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

**AN tSEIRBIA**

23. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 13 Nollaig 2022, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá toil láidir pholaitiúil agus comhsheasmhacht i gcur chun feidhme na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas chun rogha straitéiseach na Seirbia a bhaint amach maidir le dul isteach san Aontas. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh luas ginearálta na hidirbheartaíochta aontachais ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an tSeirbia maidir leis an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus 22 chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach. Ba cheart don tSeirbia leanúint de bheith ag díriú ar na tagarmharcanna eatramhacha atá i gcaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh go tráthúil cúig dhlí lena gcuirtear chun feidhme leasuithe bunreachtúla 2022. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre agus tiomantas polaitiúil ag teastáil chun athchóirithe a chur chun feidhme i réimsí bunúsacha, lena n-áirítear maidir leis na breithiúna. Ina theannta sin ní mór don tSeirbia leanúint d’aird ar leith a thabhairt ar urramú iomlán na gceart bunúsach, lena n-áirítear cosaint na ngrúpaí is leochailí, agus ar an gcaoi a gcaitear go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar de mhionlaigh iad ar fud na Seirbia.

25. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá don tSeirbia dlús a chur lena hiarrachtaí chun an t-éilliú agus an choireacht eagraithe a chomhrac. Caithfidh an tSeirbia torthaí inbhraite a bhaint amach chomh maith le cuntas teiste inchreidte lena ngabhfaidh imscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh éifeachtacha, agus reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis imní di an dul chun cinn teoranta atá déanta chun feabhas a chur ar an timpeallacht fhoriomlán i dtaca leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus neamhspleáchas na meán. Molann an Chomhairle don tSeirbia dlús a chur leis na hiarrachtaí atá sí a dhéanamh chun a plean gníomhaíochta do straitéis na meán a chur chun feidhme go héifeachtach.

27. Iarrann an Chomhairle an athuair ar údaráis na Seirbia cumarsáid a dhéanamh go hoibiachtúil neamhbhalbh maidir leis an Aontas, agus páirt ghníomhach a ghlacadh chun dul i ngleic le agus chun cosc a chur ar gach cineál bréagaisnéise agus cúblála faisnéise ón iasacht ar chainéil uile na meán.


PUBLIC

28. Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar a thábhachtaí atá comhar réigiúnach fóinteach i ndáil le cásanna a bhaineann le coireanna cogaidh a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta, a gcás siúd atá ar iarraidh fós a réiteach agus lánchomhar a thabhairt don Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla. Níor cheart aon tacaíocht a bheith ann do choirpigh chogaidh chiontaithe ná d'adhmholadh ná diúltú na gcoireanna a dhéanann siad.

29. Chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh fheidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha, molann an Chomhairle go mór don tSeirbia aghaidh a thabhairt ar na moltaí sheanbhunaithe a rinne ESCE agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine mar aon le comhlachtaí Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear moltaí a bhaineann le príomhghnéithe den phróiseas toghchánach.

30. Admhaíonn an Chomhairle gurb é a mheasann an Coimisiún go bhfuil a leibhéal ullmhachta á choimeád aici i dtaca leis na tagarmharcanna tosaigh i mbraisle 3 (Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach). Cé gur díol sásaimh don Chomhairle leibhéal maith ullmhúcháin na Seirbia maidir leis na critéir eacnamaíocha, molann sí don tSeirbia spreagadh breise a thabhairt don earnáil phríobháideach trí dhlús a chur le hathchóirithe struchtúracha ar an riarachán poiblí agus ar rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit.

31. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chloígh an tSeirbia lena gealltanas maidir le roinnt tionscnaimh chomhair réigiúnacha agus molann sí don tSeirbia an dea-chaidreamh comharsanachta a neartú a thuilleadh, agus cur leis an gcobhsaíocht agus le hathmhuintearas leis na comhpháirtithe go léir sa réigiún.

32. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an-súil aici go gcuirfidh an tSeirbia dlús lena hiarrachtaí i dtreo ailíniú iomlán le seasaimh agus bearta sriantacha ón Aontas faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear maidir leis an Rúis agus an Bhealarúis, agus go ndéanfaí sin mar ábhar céadtosaíochta. Iarrann an Chomhairle freisin ar údaráis na Seirbia staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis i gcoinne sheasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus ábhair straitéiseacha eile. Tugann an Chomhairle dá haire an cúnamh daonnúil agus cúnamh eile a thug an tSeirbia don Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an comhar feabhsaithe idir an tSeirbia agus an tAontas maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais agus molann sí don tSeirbia leanúint de na hiarrachtaí sin. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus rannchuidiú tábhachtach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais.

33. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn i ndáil leis sin, leagann sí béim i gcónaí ar a riachtanaí atá sé go gcomhlíonfaidh an tSeirbia an gealltanas a thug sí maidir le hailíniú le beartas víosaí an Aontais ina iomláine.

34. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach bhfuil aon údar leis an bhforéigean agus cáineann sí go mór na gníomhartha foréigin a rinne agóideoirí Seirbiaigh na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe dlí agus na meán an 29 Bealtaine 2023 agus an t-ionsaí foréigneach i gcoinne Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023 i dtuaisceart na Cosaive. Tá an Chomhairle ag súil go gcomhoibreoidh an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh sí gach beart is gá chun déantóirí na n-ionsaithe a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go pras. Is oth leis an gComhairle nach bhfuil gníomhaíochtaí leordhóthanacha déanta ag an tSeirbia ina leith sin. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an méadú míleata a rinne an tSeirbia arís agus arís eile gar don Chosaiv agus tugann sí dá haire an laghdú a rinneadh ar thrúpaí agus ar threalamh ina dhiaidh sin. Ní mór don tSeirbia agus don Chosaiv iarrachtaí leanúnacha a shaothrú chun an lasóg a bhaint den bharrach, staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a bheith mar thoradh orthu agus deireadh a chur le reitric scoilteach. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil roinnt céimeanna tugtha ag an tSeirbia sa treo ceart, lena n-áirítear trí Sheirbiaigh na Cosaive a spreagadh go poiblí chun páirt a ghlacadh sna toghcháin áitiúla i dtuaisceart na Cosaive. Ba cheart don tSeirbia freisin Seirbiaigh na Cosaive a spreagadh chun filleadh ar institiúidí a d'fhág siad. Meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26-27 Deireadh Fómhair 2023, go mbeidh iarmhairtí ann má theipeann ar na páirtithe an teannas a mhaolú.

35. Tá an Chomhairle ag súil go n-aimseoidh an tSeirbia agus an Chosaiv araon réiteach inbhuanaithe ar an staid i dtuaisceart na Cosaive lena ráthaítear sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach.

36. Measann an Chomhairle go nglacfaidh an tSeirbia páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an gCosaiv a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na príomh-shaincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Ar a gconair Eorpach dóibh, is coinníollacha bunriachtanacha iad go ndéanfaí an caidreamh idir an dá pháirtí a normalú agus go gcuirfí na gealltanais a tugadh i dtaca leis an Idirphlé chun feidhme agus d'fhéadfadh sé go gcaillfí deiseanna tábhachtacha ar an dá thaobh in éagmais dul chun cinn.

PUBLIC

37. Is díol sásaimh don Chomhairle an Comhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a glacadh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2023, agus is oth léi an easpa cur chun feidhme ag an dá pháirtí maidir leis an gComhaontú sin, chomh maith leis na gealltanais eile atá fós ar feitheamh ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais. Iarrann sí ar an tSeirbia agus ar an gCosaiv iad a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán, gan a thuilleadh moille ná réamhchoinníollacha. Áirítear leis sin bunú Chomhlachas/Chomhphobal Bhardais na dtromlach Seirbiach. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tSeirbia agus an Chosaiv faoi réir le glacadh leis an dréacht-reacht a chuir Éascaitheoir an Aontais faoi bhráid na bpáirtithe, ar an tuiscint gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an mbonn sin.

38. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí na leasuithe ar thagarmharcanna Chaibidil 35 de chaibidlíocht aontachais na Seirbia a mholadh go práinneach don Chomhairle roimh dheireadh mhí Eanáir 2024 chun oibleagáidí na Seirbia arna n-eascairt as an gComhaontú agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a léiriú.

**AN MHACADÓIN THUAIDH**

39. Á mheabhrú di na conclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2022, is díol sásaimh don Chomhairle an chéad chomhdháil idir-rialtasach a tionóladh leis an Macadóin Thuaidh i mí Iúil 2022 agus gur tugadh na cruinnithe scagtha i gcrích go rathúil. Tá an Chomhairle faoi réir le comhdháil idir-rialtasach eile a thionól, gan tuilleadh moille ná cinneadh polaitiúil breise, a luaithe a bheidh a gealltanas comhlíonta ag an Macadóin Thuaidh maidir leis na hathruithe bunreachtúla dá dtagraítear sna Conclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2022 a dhéanamh, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur le tabhairt chun críche na n-athruithe sin. Ina dhiaidh sin, tá an Chomhairle faoi réir le tús a chur leis an gcéad bhraisle caibidlíochta a luaithe is féidir, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta.

40. Molann an Chomhairle do na páirtithe uile sa pharlaimint díriú ar athchóirithe a bhaineann leis an Aontas agus ar phróiseas aontachais an Aontais a chur chun cinn.

PUBLIC

41. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid ullmhúcháin atá déanta ag an Macadóin Thuaidh sna príomhréimsí agus leagann sí béim a thábhachtaí atá sé dlús a chur le hathchóirithe atá dírithe ar an Aontas agus an cur chun feidhme a chomhdhlúthú a thuilleadh, go háirithe i réimsí na mbunphrionsabal agus an smachta reachta. Ní mór don Mhacadóin Thuaidh seasamh le neamhspleáchas, gairmiúlacht agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, le comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus le hathchóiriú an riaracháin phoiblí. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di roinnt athruithe ar an gCód Coiriúil, a mbeidh tionchar acu ar líon mór cásanna ardleibhéil éillithe, chomh maith le tionchar seachtrach míchuí ar obair na Comhairle Breithiúnaí agus na mbreithiúna. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh freisin leanúint dá hiarrachtaí cearta bunúsacha a neartú, lena n-áirítear cearta dhaoine ar de ghrúpaí nó pobail mhionlaigh iad, saoirse na meán agus saoirse cainte a neartú a thuilleadh.

42. Meabhraítear don Chomhairle gur gá an t-athbhreithniú agus cur chun feidhme na reachtaíochta athchóirithe toghcháin atá ailínithe leis na moltaí ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise a thabhairt chun críche ar bhealach cuimsitheach tráthúil.

43. Maidir le critéir eacnamaíocha, is díol sásamh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta, go háirithe maidir le inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus molann sí don Mhacadóin Thuaidh leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun riachtanais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh a thuilleadh agus chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas.

44. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar leis an mBulgáir.

45. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh go mór as an gcomhar comhsheasmhach a bhíonn á dhéanamh aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus go háirithe a hailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar comhartha láidir é go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh tiomanta go straitéiseach dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na Macadóine Thuaidh i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh freisin as an ról gníomhach atá aici i gcomhthéacs casta geopholaitiúil le linn a téarma mar chathaoirleach ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

PUBLIC

**AN ALBÁIN**

46. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad chomhdháil idir-rialtasach leis an Albáin i mí Iúil 2022. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas maidir le hathchóiriú, lena n-áirítear na cruinnithe scagtha a tugadh i gcrích go rathúil. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na chéad chéimeanna eile a thabhairt i bpróiseas aontachais na hAlbáine, agus leis an gcéad bhraisle caibidlíochta a oscailt a luaithe is féidir.

47. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil idirphlé polaitiúil cuimsitheach agus cuiditheach sa tír ríthábhachtach i gcónaí chun glacadh na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun cinn.

48. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh, go háirithe i réimsí na mbunphrionsabal agus go háirithe maidir leis an smacht reachta, cur chun feidhme leanúnach an athchóirithe chuimsithigh ceartais, agus maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí. Is díol sásaimh don Chomhairle gur lean an próiseas grinnfhiosrúcháin de bheith ag dul chun cinn go seasta agus torthaí nithiúla a bhaint amach. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le hathchóirithe atá dírithe ar an Aontas agus an cur chun feidhme a chomhdhlúthú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí nithiúla a baineadh amach leis na Struchtúir Speisialta i gcoinne an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe agus an dea-chomhar leanúnach le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais agus na mBallstát. Ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cuntas fónta teiste a bhunú i gcomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe. Tá gá freisin le comhar níos dlúithe maidir le himscrúduithe, lena n-áirítear comhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

49. Iarrann an Chomhairle ar an Albáin leanúint dá hiarrachtaí cosaint na gceart bunúsach, saoirse na meán agus saoirse cainte, agus cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a neartú a thuilleadh. Molann an Chomhairle go ndéanfaí athchóiriú cuimsitheach ar earnáil na talún a chur chun feidhme agus cearta maoine a chomhdhlúthú ar bhealach trédhearcach, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar chásanna a bhaineann le falsú doiciméad agus an próiseas clárúcháin agus cúitimh a chur chun cinn go pras. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh an reachtaíocht thánaisteach maidir le mionlaigh agus leanann sí de bheith ag tathant ar an Albáin na fodhlíthe gaolmhara atá fágtha a bhaineann le creatdlí 2017 maidir le cosaint daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Molann an Chomhairle don Albáin freisin gach próiseas a bhaineann leis an daonáireamh náisiúnta a chur i gcrích i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

50. Maidir leis an imirce, ba cheart don Albáin leanúint dá creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta le *acquis* an Aontais. Agus aitheantas á thabhairt ag an gComhairle don dul chun cinn atá déanta, molann sí don Albáin a gealltanas a chomhlíonadh maidir le hailíniú le beartas víosaí an Aontais.

51. Maidir le critéir eacnamaíocha, is díol sásamh don Chomhairle athléimneacht agus téarnamh láidir gheilleagair na hAlbáine, agus molann sí don Albáin Thuaidh leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun riachtanais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh a thuilleadh agus chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas.

52. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chomhar réigiúnach. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach.

53. Molann an Chomhairle an Albáin go mór as an gcomhar comhsheasmhach a bhíonn á dhéanamh aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus go háirithe a hailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar comhartha láidir é go bhfuil an Albáin tiomanta go straitéiseach dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na hAlbáine i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais. Molann an tAontas freisin an Albáin as a rannpháirtíocht ghníomhach mar chomhalta neamhbhuan i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn agus a chosaint.

PUBLIC

**AN TUIRC**

54. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uile ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach, maidir le caidreamh na Tuirce leis an Aontas Eorpach, go háirithe gurb é leas straitéiseach an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc.

55. Tá an tAontas faoi réir i gcónaí freisin teagmháil a dhéanamh leis an Tuirc ar bhealach céimnithe, comhréireach agus in-aisiompaithe i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir coinníollacha seanbhunaithe arna leagan amach ag na Comhaltaí den Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2021, agus i gconclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí don idirphlé oscailte neamhbhalbh a chothabháil, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus don chomhar i réimsí bunriachtanacha comhleasa, an imirce, an tsláinte phoiblí, an aeráid, comhrac na sceimhlitheoireachta agus saincheisteanna réigiúnacha, mar shampla. Tugann an Chomhairle dá haire gur leanadh den Idirphlé Ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc maidir le roinnt mhaith de na saincheisteanna sin.

56. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí an feabhas a tháinig le déanaí ar an gcaidreamh idir an Tuirc agus an Ghréig, agus tá sí ag súil gur feabhas inbhuanaithe a bheidh ann. Is díol sásaimh don Chomhairle gur baineadh an lasóg den bharrach sa Mheánmhuir Thoir, agus nach mór sin a choinneáil ar bun.

57. D'fhreagair an tAontas go pras i ndlúthpháirtíocht leis an Tuirc ar chreathanna talún mhí Feabhra 2023 a bhuail oirdheisceart na tíre sin, agus chuir sé foirne tarrthála agus tacaíocht chomhchineáil ar fáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus rannchuidigh sé le gealltanas foriomlán EUR 6 bhilliún a chuir an comhphobal idirnáisiúnta ar fáil.

58. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas go huile is go hiomlán i ndáil leis an dea-chaidreamh comharsanachta agus réiteach síochánta díospóidí, agus í ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá. Mar a luadh i gconclúidí uile na Comhairle a bhaineann le hábhar, agus i nDearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, iarrann an Chomhairle ar an Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais i leith gach uile Ballstáit. Is bunriachtanach aitheantas na mBallstát uile. Ní mór don Tuirc a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht agus iomláine chríochach Bhallstáit uile an Aontais a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

PUBLIC

59. Ag meabhrú dó na conclúidí a ghlac an Chomhairle agus an Chomhairle Eorpach roimhe seo, leanann an tAontas de bheith lántiomanta do réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, faoi chreat comhaontaithe na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas bunaithe agus an *acquis*. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbeidh an Tuirc tiomanta do réiteach síochánta den chineál sin agus go rannchuidíonn sí leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis. Iarrann ceannairí an Aontais go gcuirfí tús an athuair go pras leis an gcaibidlíocht agus tá siad réidh le ról gníomhach a ghlacadh chun tacú leis an bpróiseas faoi stiúir na Náisiún Aontaithe. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá stádas Varosha, cáineann sí gníomhaíochtaí aontaobhacha uile na Tuirce atá ag teacht salach ar na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sí an athuair go ndéanfaí iad a aisiompú láithreach. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc cloí leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe Rúin 541, 550, 789 agus 1251.

60. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle sna blianta roimhe seo, agus é á mheabhrú aici freisin gealltanais idirnáisiúnta na Tuirce ina leith sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di an cúlú leanúnach i réimsí an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach. Is cúis mhór imní i gcónaí í an easpa shistéamach neamhspleáchais agus an brú míchuí ar na breithiúna, chomh maith leis na srianta ar shaoirse na meán agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ba cheart don Tuirc dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar na príomh-mholtaí a rinne siad, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus ionstraimí idirnáisiúnta eile chearta an duine a bhfuil an Tuirc ina páirtí iontu a chur chun feidhme ina n-iomláine agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 de ECHR. Mar gheall ar mhainneachtain leanúnach na Tuirce rialuithe ECHR a chur chun feidhme, ardaítear ceisteanna faoi ghealltanais na tíre sin maidir leis an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha, agus maidir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc na treochtaí diúltacha sna réimsí sin go léir a aisiompú go práinneach, agus aghaidh a thabhairt go hinchreidte ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún.

61. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, molann an Chomhairle don Tuirc leanúint de chéimeanna a chur chun feidhme chun filleadh arís ar bheartais mhaicreacnamaíocha atá níos dírithe ar chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní leanúnacha maidir le feidhmiú cuí gheilleagar margaidh na Tuirce, lena n-áirítear an timpeallacht institiúideach agus rialála. Meabhraítear don Chomhairle freisin gur gá don Tuirc a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an Aontas Custaim idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme, lena n-áirithítear go mbainfidh cur i bhfeidhm éifeachtach an aontais chustaim leis na Ballstáit uile. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin nár cheart ligean do theacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais eascairt as saorchúrsaíocht earraí, lena n-áirítear earraí dé-úsáide.

PUBLIC

62. Tá Ráiteas 2016 ón Aontas agus ón Tuirc fós ar an gcreat is tábhachtaí don chomhar maidir leis an imirce agus tá ag éirí go maith leis i gcónaí. I gcomhréir le conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2021 ón gComhairle Eorpach, measann an Chomhairle go n-áiritheoidh an Tuirc go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach an Ráiteas ón Aontas agus ón Tuirc, lena n-áirítear i leith Phoblacht na Cipire, chun tús a chur arís le fillteacha agus chun cosc a chur ar an imirceach neamhrialta. Tá sé bunriachtanach an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine agus go héifeachtach mar aon le comhar a dhéanamh le Ballstáit uile an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaidh an Tuirc ailíniú le beartas víosaí an Aontais.

PUBLIC

63. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di go bhfuil beartas eachtrach na Tuirce, mar a mhionsonraítear i dtuarascáil an Choimisiúin, ag teacht salach níos mó agus níos mó ar thosaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí ag súil go mór leis go gcuirfidh an Tuirc dlús lena hailíniú leis na seasaimh ón Aontas maidir le CBES agus le bearta sriantacha mar ábhar tosaíochta. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an ról cuiditheach a bhí ag an Tuirc chun onnmhairiú gráin na hÚcráine a éascú, is oth leis an gComhairle go mór nach bhfuil an Tuirc ailínithe le bearta sriantacha an Aontais a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus leagann sí béim ar a ríthábhachtaí atá sé aon teacht timpeall ar na bearta sin a chosc.

64. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi go bhfuil an Tuirc fós ag bogadh níos faide ón Aontas Eorpach, agus meabhraítear di na conclúidí uaithi roimhe seo inar tugadh ar aird nach bhfuil dul chun cinn ar bith á dhéanamh i ndáiríre i gcaibidlíocht aontachais na Tuirce faoi láthair agus nach féidir smaoineamh faoi aon chaibidlí eile a oscailt ná a dhúnadh.

**AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN**

65. Tugann an Chomhairle dá haire an tuarascáil ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus an moladh a rinneadh ann, agus tá sí ag tnúth leis an bplé a dhéanfar ag an gComhairle Eorpach atá amach romhainn ar an ábhar sin.

PUBLIC

66. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí athchóirithe a rinne an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tar éis gur deonaíodh stádas tír is iarrthóir uirthi i mí na Nollag 2022. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin na 14 phríomhthosaíocht a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht san Aontas, arna formhuiniú ag an gComhairle in 2019, a chomhlíonadh, lena n-áirítear na céimeanna uile atá fágtha a shonraítear sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas tír is iarrthóir a chur chun feidhme, agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2022 á gcur san áireamh. Tugadh roinnt céimeanna agus tugadh gealltanais thábhachtacha chun na príomhthosaíochtaí a chomhlíonadh, in ainneoin forbairtí diúltacha san eintiteas *Republika Srpska*. Molann an Chomhairle go ndéanfaí an dul chun cinn breise is gá maidir leis na hathchóirithe. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfaí, le gach dlí a ghlacfaí, *acquis* an Aontais agus na caighdeáin Eorpacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear moltaí Choimisiún na Veinéise. Tá an tAontas faoi réir le tuilleadh cúnaimh a thabhairt don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leis na hathchóirithe atá á ndéanamh aici agus lena cur chun feidhme marthanach na n-athchóirithe sin, lena n-áirítear an chuid atá dírithe ar chonair na tíre i dtreo an Aontais.

67. Maidir leis na sásraí institiúideacha, a leagadh amach le Comhaontú Síochána Dayton, ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tuilleadh athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha a dhéanamh chun comhionannas agus neamh-idirdhealú gach saoránaigh a áirithiú, go háirithe trí chásdlí Sejdić-Finci na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a hiarraidh go mbeadh próiseas cuimsitheach ann maidir le hathchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha teoranta, trí fhíor-idirphlé agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha chun deireadh a chur le gach cineál neamhionannais agus idirdhealaithe sa phróiseas toghchánach. Cuireann an Chomhairle i dtreis nár cheart aon bheart reachtach nó polaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánaí a bheidh sé rialú Sejdić-Finci agus rialuithe gaolmhara ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme nó a mhéadódh na heasaontais atá ann cheana.

68. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin reitric agus gníomhaíochtaí scoilteacha gríosaitheacha a thréigean agus staonadh uathu, lena n-áirítear ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na tíre a cheistiú, agus éirí as laochra a dhéanamh de choirpigh cogaidh chiontaithe agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

69. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

70. Is mór an chúis imní don Chomhairle an reachtaíocht agus na tionscnaimh san eintiteas *Republika Srpska* nach bhfuil ag teacht le conair na Boisnia agus na Heirseagaivéine i dtreo an Aontais, lena n-áirítear reitric scarthach agus amhras a chaitheamh ar ord bunreachtúil na tíre. Is oth leis an gComhairle gur glacadh reachtaíocht san eintiteas *Republika Srpska* maidir le neamh-infheidhmeacht chinntí Chúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine laistigh den eintiteas sin. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá ceannasacht, iomláine chríochach, an t-ord bunreachtúil, lena n-áirítear cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil, agus nádúr idirnáisiúnta na Boisnia agus na Heirseagaivéine a urramú. Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ag aon ghníomhaíocht i gcoinne na bprionsabal sin.

71. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn teoranta atá déanta agus cuireann sí i dtreis gur gá an smacht reachta a atreisiú, lena n-áirítear trí dhlí nua maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach a ghlacadh agus tríd an dlí maidir le Cúirteanna a ghlacadh. Iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin céimeanna cinntitheacha a tabhairt chun dul i ngleic leis an éilliú agus leis an gcoireacht eagraithe chun cuntas teiste a bhunú maidir le himscrúduithe agus ciontuithe, lena n-áirítear ar ardleibhéal. Is díol sásaimh di gur cuireadh tús le feidhmiú phointe teagmhála Europol. Ní mór cinntí na Cúirte Bunreachtúla a urramú go hiomlán.

72. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh iarrachtaí teoranta i réimse na gceart bunúsach, ach dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di gur ainmníodh an tOmbudsman mar shásra coisctheach céastóireachta agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí atá ar bun chun athchóirithe a dhéanamh maidir le cearta an duine, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, go háirithe trí fhoréigean baile, foréigean in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cearta daoine LGBTI a áirithiú.

73. Is oth leis an gComhairle an cúlú maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán agus tathantaíonn sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin sábháilteacht iriseoirí agus an obair leantach bhreithiúnach iomchuí ar chásanna bagairtí agus foréigin a áirithiú. Is olc leis an gComhairle gur tugadh isteach arís na pionóis choiriúla as clúmhilleadh san eintiteas *Republika Srpska*, agus is oth léi gur glacadh le déanaí ar an gcéad léamh i dtionól an eintitis dréachtdlí ina dtugtar 'gníomhairí eachtracha' ar ghrúpaí na sochaí sibhialta, agus is mór an chúis imní an méid sin.

PUBLIC

74. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh roinnt dul chun cinn san athchóiriú ar an riarachán poiblí, go háirithe glacadh an dlí maidir le saoirse rochtana ar fhaisnéis. Tá sí ag súil go dtabharfar tuilleadh céimeanna chun státseirbhís ghairmiúil dhípholaitithe a áirithiú. Thairis sin, chun comhordú a áirithiú san ailíniú reachtach, molann an Chomhairle go mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin clár náisiúnta a fhorbairt chun an *acquis* a ghlacadh.

75. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna dearfacha a tugadh chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar chomhordú na himirce, go háirithe gur glacadh dlí maidir le heachtrannaigh. Iarrann sí ar an tír ailíniú iomlán a dhéanamh le beartas víosaí an Aontais, comhaontú stádais Frontex leis an Aontas a thabhairt i gcrích agus rochtain ar thearmann a áirithiú.

76. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ag céim luath maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a bhunú.

77. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh athnuachan ar shainordú EUFOR Althea, a bhfuil ról lárnach aige i gcónaí maidir le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun timpeallacht shábháilte, shlán a chothabháil do na saoránaigh uile.

78. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar den chomhar i measc gníomhaithe idirnáisiúnta agus cuireann sí in iúl go dtacaíonn sí le misean an Ardionadaí agus a oifige Clár Oibre 5+ 2 a chomhlíonadh.

79. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhar réigiúnach agus sa dea-chaidreamh comharsanachta, agus gach comhaontú maidir le soghluaisteacht réigiúnach faoi Phróiseas Bheirlín a dhaingniú go pras.

80. Molann an Chomhairle an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin as an bhfeabhas suntasach atá curtha aici ar a hailíniú le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, ar comhartha láidir é go bhfuil sí tiomanta dá conair i dtreo an Aontais. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint den treocht dhearfach sin agus iarrann sí uirthi a áirithiú go gcuirfear na bearta sriantacha chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear i ndáil leis an Rúis agus leis an mBealarúis.

PUBLIC

**AN CHOSAIV**

81. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas leanúnach na Cosaive dá conair Eorpach agus do na hathchóirithe gaolmhara. Tá an tAontas faoi réir le tuilleadh cúnaimh a thabhairt don Chosaiv leis na hathchóirithe atá á ndéanamh aici agus lena gcur chun feidhme marthanach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar a conair Eorpach. Is fada leis an gComhairle go dtiocfaidh léirscaoileadh víosaí i bhfeidhm i gcás na Cosaive an 1 Eanáir 2024.

82. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn tábhachtach maidir le hathchóiriú toghchánach, lena dtugtar aghaidh ar mholtaí seanbhunaithe ó Mhisin chomhleanúnacha Bhreathnóireachta AE um Thoghcháin agus molann sí don Chosaiv an reachtaíocht nua a chur chun feidhme roimh na chéad olltoghcháin eile.

83. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn teoranta atá déanta maidir leis an smacht reachta, comhrac na coireachta eagraithe, agus comhrac an éillithe, agus iarrann sí ar an gCosaiv feabhas a chur ar chur chun feidhme na n-uirlisí atá ann cheana chun sláine, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh a choimirciú agus chun athchóiriú ar an riarachán poiblí a shaothrú a thuilleadh. Ba cheart dul chun cinn breise a dhéanamh chun cearta bunúsacha a chur chun cinn go héifeachtach, lena n-áirítear comhionannas inscne, chomh maith le cearta pobal nach pobal tromlach iad agus daoine LGBTI, agus cosaint iomlán ar an oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach a áirithiú. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCosaiv an dlí a chur chun feidhme maidir le foréigean teaghlaigh, foréigean in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe a chosc agus lena dtugtar cosaint ar an méid sin. Ba cheart don Chosaiv cinneadh na Cúirte Bunreachtúla maidir le Mainistir Dečani a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis imní di an easpa saoirse cainte agus an t-iolrachas teoranta i dtuaisceart na Cosaive.

84. Is cúis mhór imní don Chomhairle an staid i dtuaisceart na Cosaive, lena n-áirítear an tslándáil. Tá méadú breise tagtha ar an teannas mar gheall ar roinnt gníomhaíochtaí aontaobhacha a rinne an Chosaiv agus an tSeirbia, chomh maith le Seirbiaigh na Cosaive a bheith éirithe as institiúidí na Cosaive d'aon bhuíon agus an baghcat a rinne siad ar na dtoghcháin áitiúla i mí Aibreáin i dtuaisceart na Cosaive. Cáineann an Chomhairle go mór na gníomhartha foréigin a rinne agóideoirí Seirbiacha na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe dlí, agus na meán an 29 Bealtaine 2023. Ba cheart toghcháin áitiúla nua a reáchtáil i dtuaisceart na Cosaive a luaithe is féidir agus ba cheart do Sheirbiaigh na Cosaive páirt ghníomhach a ghlacadh iontu, gan aon réamhchoinníoll. Ba cheart do Sheirbiaigh na Cosaive freisin filleadh ar na hinstitiúidí a d'fhág siad. Ba cheart don Chosaiv an filleadh sin a éascú agus ba cheart don tSeirbia é a mholadh.

Meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir le Ráiteas an 3 Meitheamh ón Ardionadaí thar ceann an Aontais, go bhfuil bearta inchúlaithe á gcur chun feidhme ag an Aontas maidir leis an gCosaiv mar gheall ar an easpa gníomhaíochta cinntithí chun an teannas a mhaolú i dtuaisceart na Cosaive. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil céimeanna tugtha ag an gCosaiv chun roinnt d'iarrataí an Aontais a chomhlíonadh. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an tAontas faoi réir le deireadh a chur leis na bearta i gcás go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le comhlíonadh na n-iarrataí a rinne an tAontas roimhe seo. Coinneoidh an Chomhairle an t-ábhar faoi bhreithniú agus fillfidh sí uirthi, ar bhonn tuarascáil ón Ardionadaí maidir le comhlíonadh na n-iarrataí sin.

Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach bhfuil aon údar maith leis an bhforéigean agus cáineann sí go mór an t-ionsaí foréigneach a rinneadh ar Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023. Tugann an Chomhairle dá haire an comhar feabhsaithe idir Póilíní na Cosaive agus EULEX i ndáil leis an ionsaí sin. Is díol sásaimh don Chomhairle láithreacht threisithe KFOR, go háirithe ag an limistéar teorann idir an Chosaiv agus an tSeirbia. Ní mór don Chosaiv agus don tSeirbia iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an lasóg a bhaint den bharrach, staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a bheith mar thoradh orthu agus deireadh a chur le reitric scoilteach. Meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26-27 Deireadh Fómhair 2023, go mbeidh iarmhairtí ann má theipeann ar na páirtithe an teannas a mhaolú.

PUBLIC

85. Measann an Chomhairle go n-aimseoidh an Chosaiv agus an tSeirbia araon réiteach inbhuanaithe ar an staid i dtuaisceart na Cosaive lena ráthaítear sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach.

86. Measann an Chomhairle go nglacfaidh an Chosaiv páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an tSeirbia a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na príomh-shaincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Ar a gconair Eorpach dóibh, is coinníollacha bunriachtanacha iad go ndéanfaí an caidreamh idir an dá pháirtí a normalú agus go gcuirfí na gealltanais a tugadh i dtaca leis an Idirphlé chun feidhme agus d'fhéadfadh sé go gcaillfí deiseanna tábhachtacha ar an dá thaobh in éagmais dul chun cinn.

87. Is díol sásaimh don Chomhairle an Comhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a glacadh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2023, agus is oth léi an easpa cur chun feidhme ag an dá pháirtí maidir leis an gComhaontú sin, chomh maith leis na gealltanais eile atá fós ar feitheamh ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais. Iarrann sí ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia iad a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán, gan a thuilleadh moille agus gan aon réamhchoinníollacha. Áirítear leis sin bunú Chomhlachas/Chomhphobal Bhardais na dtromlach Seirbiach. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Chosaiv agus an tSeirbia faoi réir le glacadh leis an dréacht-reacht a chuir Éascaitheoir an Aontais faoi bhráid na bpáirtithe, ar an tuiscint gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an mbonn sin.

88. Iarrann an Chomhairle ar Ionadaí Speisialta an Aontais don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile a bhaineann leis na Balcáin Thiar clár oibre an chéad Ghrúpa Speisialta eile de chuid na Cosaive um normalú a thabhairt cothrom le dáta, chun oibleagáidí na Cosaive a eascraíonn as an gComhaontú agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a léiriú.

89. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an obair atá ar siúl ag Sain-Dlísheomraí na Cosaive agus ag Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe agus go dtacaíonn sí leis an obair sin agus cuireann sí in iúl go bhfuil sí faoi réir le cabhrú leo a sainordú a chur chun feidhme.

90. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá dlúthchomhar na Cosaive le misean EULEX, chomh maith le gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta eile.

91. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Chosaiv ag céim luath ach go bhfuil roinnt ullmhúcháin déanta aici chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt.

92. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv páirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh ar bhonn práinneach i ngníomhaíochtaí comhair réigiúnaigh agus a gealltanais faoi CEFTA agus faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí dheireadh a chur lena cinneadh toirmeasc a chur ar allmhairiú earraí ón tSeirbia. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dhaingnigh an Chosaiv trí 'comhaontú Phróiseas Bheirlín' maidir le saorghluaiseacht agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí, a comhaontaíodh in 2022.

93. Molann an Chomhairle an Chosaiv as an gcáineadh láidir a rinne sí i dtaca le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, as a treoshuíomh soiléir geostraitéiseach chomh maith lena hailíniú deonach le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus as bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme go leanúnach, ar léiriú láidir é ar rogha straitéiseach na Cosaive agus áit na Cosaive i bpobal atá bunaithe ar luachanna.

**AN ÚCRÁIN**

94. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an géarcháineadh a rinne sí cheana ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Meabhraítear don Chomhairle tacaíocht dhiongbháilte an Aontais Eorpaigh do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, agus do cheart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine sa chogadh leis an Rúis a fhad is gá.

95. Molann an Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin chun na cuspóirí is bonn dá stádas tír is iarrthóir a bhaint amach, in ainneoin go bhfuil an Úcráin faoi ionsaí.

96. Tugann an Chomhairle dá haire an tuarascáil ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 maidir leis an Úcráin agus na moltaí a rinneadh ann, agus tá sí ag tnúth leis an bplé a dhéanfar ag an gComhairle Eorpach atá amach romhainn ar an ábhar sin.



PUBLIC

97. Tá an tAontas faoi réir le tuilleadh cúnaimh a thabhairt don Úcráin maidir leis na hathchóirithe atá á ndéanamh aici agus a gcur chun feidhme marthanach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar a conair i dtreo an Aontais, agus tá sé tiomanta i gcónaí tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine.

98. Aithníonn an Chomhairle tiomantas na hÚcráine agus is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an smacht reachta agus athchóirithe breithiúnacha agus riaracháin phoiblí a chur chun feidhme go cuimsitheach agus go comhsheasmhach, agus molann sí don Úcráin cloí go cinntitheach leis an gconair sin; tá an méid sin ríthábhachtach i gcónaí chun athléimneacht na hÚcráine a neartú agus chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le próiseas an mhéadaithe.

99. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an creat reachtach institiúideach maidir le cearta bunúsacha i bhfeidhm agus is díol sásaimh di ailíniú reachtaíocht na hÚcráine maidir leis na meáin le *acquis* an Aontais maidir le seirbhísí na meán closamhairc.

100. Maidir le comhrac an éillithe, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta chun feidhmiú neamhspleách agus éifeachtach na n-institiúidí i gcoinne an éillithe a áirithiú. Ba cheart don Úcráin leanúint dá hinstitiúidí agus dá bearta maidir le comhrac an éillithe a neartú a thuilleadh, agus tuilleadh feabhais a chur ar a cuntas teiste maidir le himscrúduithe agus ciontuithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil éillithe.Maidir le bearta lena ndírítear ar thionchar iomarcach olagarcaí a theorannú, aithníonn an Chomhairle na réitigh shistéamacha thábhachtacha a forbraíodh agus tá sí ag súil go ndéanfaí dul chun cinn leanúnach i ndáil leis an méid sin. Molann an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le reachtaíocht na hÚcráine i gcoinne sciúradh airgid a ailíniú le caighdeáin FATF. Tugann an Chomhairle dá haire na céimeanna a tugadh maidir le cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad agus tá sí ag tnúth le tuilleadh céimeanna a ghlacadh mar atá molta ag Coimisiún na Veinéise.

101. Mar gheall ar ionsaí leanúnach na Rúise, bhí deacrachtaí eisceachtúla ann maidir le beartas airgeadaíochta agus rialachas eacnamaíoch foriomlán a stiúradh san Úcráin. Tá tábhacht ar leith ag baint le feidhmiú gheilleagar margaidh na tíre agus le neamhspleáchas a cuid údarás rialála, go háirithe an Banc Ceannais, a bhfuil gníomhaíochtaí cinntitheacha déanta aige cheana, i bhfianaise iarrachtaí atógála freisin.

PUBLIC

102. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an Úcráin chun feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh agus ar neamhspleáchas an tsoláthair. I gcomhthéacs na n-ionsaithe leanúnacha ar bhonneagar fuinnimh na hÚcráine, tá an tAontas faoi réir le leanúint de thacaíocht a chur ar fáil chun athléimneacht córas fuinnimh na tíre a neartú.

103. Leagann an Chomhairle béim ar chomhar earnála an Aontais leis an Úcráin agus a lánpháirtiú i margadh inmheánach an Aontais a dhoimhniú a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála.

104. Molann an Chomhairle tiomantas straitéiseach na hÚcráine dá chonair i dtreo an Aontais agus a ailíniú iomlán le seasaimh Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus le bearta sriantacha. Molann sí don Úcráin leanúint den treocht dhearfach sin i dtreo ailíniú iomlán, lena n-áirítear i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí.

**AN MHOLDÓIV**

105. Molann an Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Moldóiv chun na cuspóirí is bonn dá stádas tír is iarrthóir a bhaint amach, i bhfianaise na ndúshlán suntasach a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus as gníomhaíochtaí hibrideacha i gcoinne na Moldóive féin.

106. Tugann an Chomhairle dá haire an tuarascáil ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 maidir leis an Moldóiv agus na moltaí a rinneadh ann, agus tá sí ag tnúth leis an bplé a dhéanfar ag an gComhairle Eorpach atá amach romhainn ar an ábhar sin.

107. Tá an tAontas faoi réir le tuilleadh cúnaimh a thabhairt don Mholdóiv maidir leis na hathchóirithe atá á ndéanamh aici agus a gcur chun feidhme marthanach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar a conair i dtreo an Aontais.

108. Maidir leis na bunphrionsabail, aithníonn an Chomhairle tiomantas soiléir na Moldóive dá próiseas athchóirithe agus do na céimeanna cinntitheacha a tugadh, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé dul chun cinn inbhuanaithe inláimhsithe a choinneáil ar bun i ndáil le hathchóiriú, go háirithe i réimsí an smachta reachta, an cheartais agus na gceart bunúsach, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.



PUBLIC

109. Molann an Chomhairle don Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar an gceartas, lena n-áirítear an próiseas grinnfhiosrúcháin, chomh maith le comhrac an éillithe, agus béim á leagan ar na hinstitiúidí ábhartha a neartú agus cuntas teiste daingean a fhorbairt maidir le himscrúduithe agus ciontuithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil éillithe. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chuige sistéamach na Moldóive maidir le bac a chur ar olagarcaí agus molann sí go leanfaí leis an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme.

110. Tugann an Chomhairle dá haire na réamhthorthaí ó ESCE/ODIHR, lena léirítear go raibh na toghcháin áitiúla an 5 Samhain síochánta agus go ndearnadh iad a bhainistiú go héifeachtúil faoi chúinsí dúshlánacha. Mar sin féin, tugadh faoi deara gur imríodh tionchar diúltach ar an bpróiseas toghcháin, mar gheall ar chur isteach eachtrach agus mar gheall ar na bearta sriantacha araon, a forchuireadh mar gheall ar ábhair imní faoin tslándáil náisiúnta. I bhfianaise na dtoghchán uachtaránachta agus parlaiminteach atá ar na bacáin, iarrann an Chomhairle ar an Moldóiv a áirithiú go mbeidh bearta maidir le cur isteach mailíseach a chomhrac i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

111. Molann an Chomhairle athléimneacht na Moldóive i bhfianaise ghníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, agus athdhearbhaíonn sí tacaíocht an Aontais i ndáil leis an méid sin, lena n-áirítear trí Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais i bPoblacht na Moldóive.

112. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an Moldóiv feabhas a chur ar a slándáil fuinnimh agus ar neamhspleáchas an tsoláthair. Ní mór don Mholdóiv a hacmhainneacht ghiniúna a mhéadú a thuilleadh agus feabhas a chur ar na bearta a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe le cúnamh ó phacáiste tacaíochta na Moldóive.

113. Agus an dul chun cinn maidir le hathchóirithe san earnáil eacnamaíoch agus airgeadais á aithint aici, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé athchóirithe eacnamaíocha claochlaitheacha, comhar earnála agus lánpháirtiú na Moldóive i margadh inmheánach an Aontais a shaothrú, ar bhonn chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv, lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála.



PUBLIC

114. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Moldóiv chun a riarachán poiblí agus a creat bainistíochta airgeadais phoiblí a neartú, agus iarrann sí ar an Moldóiv leanúint dá cumas riaracháin agus institiúideach a neartú ar gach leibhéal. Ba cheart leanúint den rannpháirtíocht shistéamach leis an tsochaí shibhialta maidir le hathchóirithe agus ba cheart comhairliúcháin a bheith níos tráthúla agus níos trédhearcaí sa phróiseas reachtóireachta.

115. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas tacú le ceannasacht agus le hiomláine chríochach Phoblacht na Moldóive laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

116. Is díol sásaimh don Chomhairle seasamh daingean prionsabálta na Moldóive maidir le hionsaí na Rúise ar an Úcráin a cháineadh. Molann an Chomhairle tiomantas straitéiseach na Moldóive dá chonair i dtreo an Aontais agus an méadú suntasach a tháinig ar a hailíniú le seasaimh Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais le bearta sriantacha. Molann sí don Moldóiv leanúint den treocht dhearfach sin i dtreo ailíniú iomlán, lena n-áirítear i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí.

**AN tSEOIRSIA**

117. Tugann an Chomhairle dá haire an tuarascáil ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 maidir leis an tSeoirsia agus an moladh a rinneadh ann, agus tá sí ag tnúth leis an bplé a dhéanfar ag an gComhairle Eorpach atá amach romhainn ar an ábhar sin.

118. Iarrann an Chomhairle ar an tSeoirsia tiomantas soiléir do luachanna an Aontais a léiriú, leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre athchóirithe agus na coinníollacha a shonraigh an Coimisiún a chomhlíonadh go cuimsitheach, go fóinteach agus ar bhealach do-aisiompaithe, chun dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo ballraíocht san Aontas amach anseo.

119. Tugann an Chomhairle dá haire fíor-uaillmhianta fhormhór mhuintir na Seoirsia maidir le ballraíocht san Aontas. Is díol sásaimh don Chomhairle creat reachtach réasúnta fónta, an leagan amach institiúideach agus an tsochaí shibhialta bhríomhar, lena n-áirítear eagraíochtaí faire, agus meabhraíonn sí go gcuireann na gnéithe sin bonn fónta ar fáil don tSeoirsia chun athchóirithe daonlathacha agus athchóirithe ar an smacht reachta a chur chun cinn.



PUBLIC

120. Maidir le cuid de na bunphrionsabail maidir le méadú, aithníonn an Chomhairle go háirithe an dul chun cinn foriomlán atá déanta maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, soláthar poiblí agus athchóirithe eacnamaíocha. Is díol sásaimh don Chomhairle an t-ullmhúchán ar fad atá déanta ag an tSeoirsia na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh uirthi féin, spreagann sí leibhéal leanúnach ailínithe le *acquis* agus le caighdeáin an Aontais, agus an comhar earnála leis an Aontas a dhoimhniú a thuilleadh, ar bhonn chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an tSeoirsia, lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála. Molann sí don tSeoirsia freisin leanúint de thagarmharcanna maidir le léirscaoileadh víosaí a chomhlíonadh.

121. Iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile sa tSeoirsia comhar agus idirphlé cuiditheach a léiriú, an polarú a shárú agus staonadh ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an teannas polaitiúil a dhoimhniú a thuilleadh agus bac a chur ar institiúidí daonlathacha agus ar chlár oibre athchóirithe na tíre. Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil gealltanas tugtha ag an tSeoirsia maidir lena ráthú go mbeidh an tsochaí shibhialta in ann feidhmiú gan bhac agus páirt a ghlacadh sa phróiseas ceaptha beartas ar bhealach gníomhach, cuimsitheach agus fóinteach. D'áiritheofaí leis sin go ndéanfaí dul chun cinn níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe maidir le hathchóirithe i réimsí bunúsacha, go háirithe an smacht reachta agus cearta bunúsacha.

122. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá sé an bhréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis i gcoinne an Aontais agus a luachanna a chomhrac agus iarrann sí ar an tSeoirsia céimeanna fóinteacha a thabhairt chun na críche sin.

123. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart go mbeadh feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha, agus gur cheart athchóirithe a bhaineann leis an gceartas agus leis an smacht reachta a bheith mar thosaíocht ag an tír i gcónaí. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá neamhspleáchas, cuntasacht agus neamhchlaontacht iomlán na n-institiúidí Stáit uile agus go háirithe institiúidí breithiúnacha, ionchúisimh agus airgeadaíochta a neartú agus a áirithiú a thuilleadh, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus leis na moltaí ó Choimisiún na Veinéise. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le héilliú agus cásanna coireachta eagraithe a imscrúdú agus maidir le gníomhaíochtaí chun bac a chur ar olagarcaí a chur chun feidhme trí chur chuige sistéamach.



PUBLIC

124. Maidir le hathchóiriú toghchánach, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil creat daingean atá i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta fós ríthábhachtach chun an daonlathas a neartú. Iarrann an Chomhairle ar an tSeoirsia próiseas toghchánach saor, cothrom agus iomaíoch a áirithiú, go háirithe in 2024 agus na moltaí a rinne ESCE/ODIHR agus Comhairle na hEorpa/Coimisiún na Veinéise bunaithe ar thoghcháin roimhe seo a chur chun feidhme ina n-iomláine.

125. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór don tSeoirsia lánurraim a thabhairt do chearta bunúsacha, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, an ceart chun saoirse tuairimíochta, comhthionóil agus cainte agus cosaint daoine LGBTI ar imeaglú agus ar fhoréigean agus idirdhealú.

126. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas le ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na Seoirsia laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus cuireann sí chun suntais go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí do choinbhleachtaí a réiteach ar bhealach síochánta agus dá bheartas maidir le neamhaitheantas agus rannpháirtíocht, lena n-áirítear trí Mhisean Faireacháin an Aontais a bheith sa tSeoirsia.

127. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sí ag súil go mór go gcuirfidh an tSeoirsia dlús lena hailíniú le seasaimh Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus le bearta sriantacha, lena n-áirítear prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí. Iarrann sí freisin ar an tSeoirsia an treocht dhiúltach a aisiompú mar ábhar tosaíochta agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ailíniú iomlán. Comhartha soiléir a bheadh sa mhéid sin ar rogha straitéiseach na tíre do bhallraíocht san Aontas. Molann an Chomhairle don tSeoirsia leanúint den dea-chomhar leis an Aontas maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, lena n-áirítear na bearta i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise.